AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foilsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Áḃar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. ...Uim. 17.   Aoine, 30ú Aibreán, 1965.

EAGARḞOCAL.   30-4-65.

Áḃar Sástaċta

Ní minic, le blianta fada anuas, a raiḃ áḃar sástaċta de ċineál ar biṫ ag an ṗáipéar seo, le labairt ṫar ċeann na Gaeltaċta faoi. Is minicí i ḃfad, áḃar gearán. áḃar léirṁeas agus áḃar cáinte againn. Sin mar is mó ár n-áṫas go ḃfuil caoi againn anois, ċun focal molta agus focal dóċais a rá.

Tá sé sin le rá againn faoi an Rialtas nua. Is Rialtas é an Rialtas a ceapaḋ an tseaċtain seo caite, atá ag druidim cuid ṁaiṫ níos comġaraí den rud a ba ṁaiṫ linn go léir a ḟeiceáil — Rialtas lán-Ġaelaċ. Lasmuiġ de ṫriúr nó ceaṫrar, is Rialtas é a d'ḟéadfaḋ a ċuid gnóṫaí do stiúraḋ, agus cruinniṫe an Rialtais féin, a ḃeiṫ as Gaeilge. De réir an dul-ċun-cinn atá ann, d'ḟéadfaí a ḃeiṫ ag súil i gceann cúig bliana eile. gur Rialtas do Ġaeilgeoirí a ḃeaḋ ann.

Tá áḃar dóċais go speisialta, insan árdú céime don Uasal Mac Aoḋagáin, duine de na Gaeilgeoirí is bunúsaiġ agus is fírinní sa tír. Tá áḃar dóċais ar leiṫ againn mar Ġaeilgeoirí agus mar ṗobal na Gaeltaċta, insan árdú céime don triúr Rúnaiṫe Pairliminte, a bí insan tseana Rialtas. Triúr Gaeilgeoirí isea iad. Fáiltímíd roiṁ an Uasal Ó Colla, i mbun Roinn Oideaċais. Fáiltímíd roiṁ an Uasal Ó Draonáin, i mbun Roinn Poist agus Telegrafa, agus ós cionn na Telefíse. Fáiltímíd roiṁ an Uasal Ó Máille, i mbun Roinn Sláinte.

Is áṫas linn na Gaeilgeoirí a bí ina mbaill den Rialtas ċeana, a ḃeiṫ i mbun Ranna tábaċta arís, agus go h-áiṫrid an tUasal Ó Loinsiġ, a ḃeiṫ árdaiṫe go dtí Roinn an Airgid. Is cinnte gur áḃar dóċais do Ġaeilgeoirí go mbeiḋ sé mar ċúram ar an Uasal Ó Loingsiġ a ḃeiṫ ag coṁ-oirdniú na hiarraċtaí aṫḃeoċána.

Aċ, tá ceapaċán aṁáin go speisialta, a ċuireas áṫas agus lúṫár agus ní hé aṁáin sin, aċ dóċas agus muinín, orainne mar Guṫ na Gaeltaċta, agus ar ṗobal na Gaeltaċt tré ċéile, ⁊ sé sin, ceapaċán Ṗádraic Uí Ḟaċtna, mar Rúnaí Pairliminte don Ġaeltaċt. Cinnte go leor, tá teoranta áiṫrid lenár ndóċas agus ár muinín, ós rud é gur Rúnaí Pairliminte é, agus naċ Aire, agus go mbeiḋ teora lena ċuṁaċt agus lena ṫús-iarraċt. Aċ, mar sin féin, is céim insan treo ċeart é, nó tá iontaoiḃ agus muinín ag Gaeilgeoirí agus ag pobal na Gaeltaċta, go h-áiṫrid, as an Uasal Ó Faċtna. Is fada fada é i ngluaiseaċt aṫḃeoċána na teangan. Níor ċeil sé ariaṁ a spéis insan aṫḃeoċaint, agus a ḋílseaċt don Ġaeilge, agus ṫairis sin arís, is mór an obair atá déanta aige mar Rúnaí Coláiste Ḃríde, Rann na Feirste, ar son pobal na Gaeltaċta ansin. Agus ní raiḃ ceist ariaṁ, a ḃain le pobal na Gaeltaċta, naċ raiḃ suim agus spéis ar leiṫ aige inntí.

Mar sin de, traoslaimíd dó, aċ go háiṫrid ar son na Gaeltaċta, a ċeapaċán agus guímíd raṫ agus toraḋ ar a ċuid oibre i mbun Roinn na Gaeltaċta. Adṁaimíd féin ar ndóiġ, gur crua an obair atá roiṁe.

Deire le Teastas Árd Inniúlaċta

Imní fa Caiġdean Gaeilge Múinteoirí Náisiúnta

Tá tuilleaḋ sleaṁnú ar siúl ag Roinn an Oideaċais i leiṫ na Gaeilge. Sleaṁnú nár cloiseaḋ faoi fós.

B' é an ċéal ċéim siar mór i gcúrsaí na Gaeilge, nó dúnaḋ na gColáiste Ullṁúċán a ḃí ag soláṫar múinteoirí le árd ċaiġdeán Gaeilge, a fuair a gcuid oideaċais meán-scoile ar fad tré Ġaeilge, do ċeard an oideaċais.

Nuair a rinne an Dr. Ó hIrġile seo, bí béal trial insan árd teistiméireaċt le cinntiú go mbeaḋ eolas maiṫ ar labairt na Gaeilge ag áḃar múinteoirí, agus dúirt sé go mbeaḋ scrúdú Árd-Inniúlaċta ann taréis cúig bliana teagaisc, d'ḟonn agus a ċinntiú go leanfaḋ múinteoirí óga ag cur feaḃais ar a gcuid Gaeilge, go dtí go mbeaḋ siad éifeaċtaċ agus líofa, i gcaint na Gaeilge.

Anuraiḋ a tugaḋ iarraċt ar an béal-trial a ísliú go dtí trial de ċuid luċt stiúrṫa na gColáistí féin, aċ b'éigin deireaḋ a ċur leis sin, nuair a d'éiriġ muintir na Gaeilge suas go láidir ina éadan.

Aċ faoi ċoim, agus gan iomrá, sleaṁnaíoḋ amaċ as an scrúdú Árd-Inniúlaċta, an t-aon dearḃú aṁáin a ḃí ann go mbeaḋ Gaeilge líofa ag na múinteoirí náisiúnta.

Faoi mar atá an scéal ó cuireaḋ deireaḋ leis na Coláistí Ullṁúċáin, do b'ḟéidir le duine ar fíor ḃeagán eolais ar labairt na Gaeilge, dul isteaċ ins na Coláistí Oiliúna go h-éasca.

D'ḟéadfaḋ sé a ḃeiṫ beag beann ar labairt na Gaeilge ar feaḋ ceiṫre nó cúig bliana dá ċúrsa ṁeán-scoile, faoi mar atá i ḃfurṁór de Ṁeánscoileanna na tíre, go fóill. D'ḟéadfaḋ sé roinnt "cramming" a ḋéanaṁ ar labairt na Gaeilge, sa ċúigiú bliain, tréiṁse do ċaiṫeaṁ ar Ċoláiste Saṁraiḋ, sa Ġalltaċt nó sa Ġaeltaċt, agus cleaċtaḋ a ḋéanaṁ ar labairt na Gaeilge, mar níṫear go minic do scrúdaiṫe, ċun pas do ḟáil insan béal-scrúdú. Agus de réir an caiġdeán a ḃí in áiteaċa, ní ró ḋeacair an pas sin do ḟáil.

......Ansin ċaiṫfeaḋ sé dá ḃliain i gColáiste Oiliúna, agus ceart go leor, ḃeaḋ gaċ rud dá ḋéanaṁ tré Ġaeilge, aċ is beag an tréiṁse dá ḃliain, agus nuair a ḃeaḋ sé dá nó trí bliana amuiġ, agus b'ḟéidir gan suim aige i nGaeilge, nó gan ag meascaḋ le Gaeilgeoirí, ḃeaḋ cibé blas nó líofaċt insan teanga labarṫa imiṫe arís, agus ba ġaiste a d'imeóḋ sé nuair a ḃeaḋ sé ag éisteaċt leis an droċ Ġaeilge óna ċuid daltaí, rud a ċuireas isteaċ ar múinteoirí in gaċ áit.

Mar sin de, taréis deireaḋ do ċur leis na Coláistí Ullṁúċáin, ba é an t-aon cinnteaċt aṁáin a ḃí ann, go mbeaḋ múinteoirí le caiġdeán réasúnta Gaeilge, nó go mbeaḋ an scrúdú Árd-inniúlaċta ann, a ċoiméadfeaḋ múinteoirí óga ag dul na Gaeltaċta, agus ag cur suim i labairt na Gaeilge, ar feaḋ na céad ḃlianta.

Ċuir na múinteoirí Náisiúnta nó eagras Ċumann na Múinteoirí Náisiúnta, i gcoinniḃ an trial inniúlaċta seo. Ní h-iontas ar biṫ go gcuirfeaḋ. Is gnó dóiḃ sin mar Ceardċumann, cur i gcoinniḃ rud ar biṫ, atá ag cur isteaċ ar a gcuid ball. Ba ṁór an cur i gcoinniḃ a ḃí acu, ós rud é gurb é an Cigire lóġánta a ḃeaḋ ag déanaṁ an scrúdú Árd-inniúlaċta, agus go raiḃ na múinteoirí indiaiḋ troid ḟada taréis teora a ċur le cuṁaċt scrúdaiṫe na gCigirí. Mar sin de. bí faitíos orṫa gur slí nua é seo ċun cuṁaċt an ċigire do ṁéadú.

Ní ḟéadfá léiriú níos fearr a ḃeiṫ ann den riaċtanas agus an feiḋm atá leis an scrúdú seo, nó a rá, nár éiriġ aċ le duine as gaċ deiċniúr de na micléinn a ċríoċnaiġ an cúrsa oiliúna i meiṫeaṁ, 1964, agus an scrúdú Árd-inniúlaċta do ṡeasaiṁ.

Rinne Cumann na Múinteoirí agóid faoi an scéal, ar ndóiġe, agus h-innseaḋ dióḃa, i gcaiṫeaṁ na bliana, gur aṫ-scrúdaíoḋ 42 múinteoirí, agus gur éiriġ le 31 díoḃa. Aċ, ní raiḃ Cumann na Múinteoirí sásta leis seo, agus d'iarr siad deireaḋ do ċur leis an scrúdú ar fad. Is cosúil gur ġéill an Roinn díoḃa, gan aċt.

h-Innseaḋ do ṫoscaireaċt ó Ċumann na Múinteoirí ar an 19ú lá de Feaḃra, go raiḃ sé i gceist an scrúdú a ligint ar lár, agus dearḃaíoḋ é seo go cinnte ar an 2ú lá de Ṁárta.

Dúirt an Roinn gurb ionann seo agus a rá, nuair a d'ḟágfaḋ an múinteoir an Coláiste Oiliúna, go mbeaḋ ċuile ċáilíoċt i nGaeilge aige.

Is deacair a ḟeiceáil go ḃfuil aon rud eile anseo, aċ ag leanúint de ṗolasaí Roinn an Oideaċais, tarraingt siar as gluaiseaċt na Gaeilge ar fad. Deir an Roinn go gcaiṫfiḋ gaċ dalta le linn a ċúrsa traenála, dul go dtí an Ġaeltaċt ar feaḋ míosa, agus ḃéarfaí deontas £20 dó ċuige seo. Agus ḃéarfaí an deontas céanna dó arís taréis do críoċnú, a ċúrsa, muna mbíonn sé ag obair.

Má ṁeasann an Roinn gur tarraingt ar micléinn an £20 seo le dul na Gaeltaċta, go ndearcaiḋ Dia ar a gciall. Tig le mic-léinn Ollscoile agus micléinn Ollscoile agus micléinn ó na Coláiste Oiliúna, £20 a ḋéanaṁ i seaċtain aṁáin, ag a lán cineálaċa oibre, agus téann fiú aṁáin, na múinteoirí atá ar seirḃís, go minic, go Sasana, agus go tíorṫa eile, ag saoṫrú le linn na laeṫa saoire. Sé an scéal é anois go ḃfuil duine, b'ḟéidir nár ċuir suim ariaṁ sa Ġaeilge roiṁe, críoċnaiṫe lena ċuid staidéar ar an Ġaeilge, nuair a ḟágas sé an Coláiste Oiliúna, agus is féidir leis daċaḋ bliain a ċaiṫeaṁ ag teagasc, i seirḃís na tíre seo, as cibé beagán a ṗioc sé suas. insan dá bliain. Is olc an scéal é seo.

Ag aṁarc siar air, níl aon rud aċ céimeanna siar ó ṡocraiġ an Roinn ar deireaḋ do ċur leis na Coláistí Ullṁúċáin.

Is olc an scéal é seo faoi múinteoirí bun-oideaċais na tíre, san am atá le teaċt. Agus in ionad múinteoirí gairm-oideaċais agus meán-oideaċas a taḃairt suas go dtí caiġdeán na múinteoirí bun-oideaċas, san scéal seo, is aṁlaiḋ go ḃfuilṫear ag ísliú caiġdeán Gaeilge na múinteoirí bun-oideaċais, go dtí caiġdeán a ḃíoḋ ag múinteoirí Gairm-oideaċais agus Meán-oideaċais.

Agus tá faitíos orainn naċ mór an méid is féidir leis a ḋéanaṁ faoi an eagras atá ann i láṫair na h-uaire. Tá sé ceangailte le ceapaċáin a rinneaḋ go gearr ó ṡin, de ṫairḃe údaráisí atá faoi, go h-áiṫrid de ṫairḃe Bord Ġaeltarra Éireann. Mar sin féin, is maiṫ le pobal na Gaeltaċta a ċeapaḋ agus is eol dóiḃ, más féidir le duine ar biṫ a ḋéanaṁ, go ndéanfaiḋ an tUasal Ó Faċtna a ḋíċeall. Go raiḃ raṫ ar a ċuid oibre.

Mí Ṡásaṁ ag Leaṫnú agus ag Doiṁniú

Caiṫfear an Telefís a Ċeansú

Ag méadú i gcónaí atá an cáineaḋ agus an mí-ṡásaṁ fa Telefís Éireann, imeasc pobal na tíre.

An tseaċtain seo caite, ba ġéar agus ba niṁneaċ a d'ionsaiġ Míċeál Mac Cárrṫaiġ, Uaċtarán Conraḋ na Gaeilge, caiġdeán teilifíse na tíre de ṫairḃe oideaċais agus Gaeilge de, ag Árd Ḟeis an Ċonarṫa.

An tseaċtain céanna, noċtaiġ Seán Ó Tuama, ċoṁ dona agus a ḃí an scéal ar Telefís Éireann, maidir le ceol agus cultúr traidisiúnta na tíre.

Ag cur síos ar an telefís, dúirt an tUasal Mac Cárrṫaiġ, naċ é stáid na teangan aṁáin a ba ċúis leis an Ċonnraḋ. Ba ċuṁaċtaċ an gléas oideaċas an teilifís. Ní raiḃ oideaċasóir ann, aċ oideaċasóir mire a ċuirfeaḋ ċuige a ċuid dáltaí a oiliúint mar a ḋéanann Telefís Éireann an t-aos óg a oiliúint.

Ag glacaḋ an ċeoil mar ṡompla, dá mbeaḋ daltaí taoḃ leis an telefís aṁáin. d'ḟásfaḋ glúin aníos, agus a ċodarsná glan de ṫuiscint ar ċeol acu, gaċ droċ nós aṁránaíoċta ina ċaiġdeán árd, gaċ droċ ċeol ina árd ċeol acu, an ain-rial ina ḋea-riail. Níorḃ leiṫscéal ar biṫ, dár leis a rá, go raiḃ an tseirḃís craolaa ag braṫ ar airgead fógóirí. Ḃí an tír ag caiṫeaṁ cuid ṁaiṫ milliún punt gaċ bliain ċun oideaċas a ṫaḃairt don aos óg. Ḃí gléas cuṁaċtaċ na telefíse ag cur éifeaċt na scol agus saoṫar 20.000 múinteoirí ar ceal i roinnt slite. Ba é réiteaċ an scéil, dar leis, cúpla milliún eile do ċaiṫeaṁ leis an telefís a ċeansú agus a ċur ag fónaiṁ don sibialtaċt agus dúinn féin do réir ár méine.

Ní raiḃ cúis bunúsaċ ar biṫ ann go gcuirfimís de ċostas orainn féin, seirḃís telefíse do ċur ar fáil, muna mbeaḋ gur teas-

(Ar lean. ar leaṫ. 2).